Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2026 (OR. en)**

**9323/26**

**SOC 266**
**EMPL 119**
**GENDER 37**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne: Ceapachán Agnese CANEVARI , comhalta malartach don Iodáil, in ionad Stefano PIZZICANNELLA, atá éirithe as oifig - *Glacadh* |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas faoi Stefano PIZZICANNELLA a bheith éirithe as oifig mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Iodáil).

2. Le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 an 20 Nollaig 2006[1], foráiltear, *inter alia*, gur cheart don Chomhairle ocht gcomhalta dhéag, chomh maith le comhaltaí malartacha, a cheapadh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna gceapadh ionadaíocht d'ocht mBallstát déag in ord na nUachtaránachtaí rothlacha, agus ainmneoidh gach Ballstát comhalta amháin agus comhalta malartach amháin.

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

3. Leis an gCinneadh uaithi an 13 Bealtaine 2025[2], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha don tréimhse dar críoch an 31 Bealtaine 2028.

4. Tá Agnese CANEVARI molta ag Rialtas na hIodáile chun ionad an chomhalta mhalartaigh atá éirithe as oifig a ghlacadh, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a dtiocfaidh deireadh leis an 31 Bealtaine 2028.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, mar a leagtar amach in 9321/26 é, a ghlacadh mar mhír 'A' agus

   (b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[2] Cinneadh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (IO C, C/2025/2802, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2802/oj)